Preaseisiúint - Embargo 3 Samhain 2009

Beidh Sue Palmer, Saineolaí Forbairt Leanaí agus údar an leabhair: *Detoxing Childhood* mar aoi speisialta ag an 7ú Comhdháil Bhliantúil de chuid Coiste Cúram Leanaí Chontae & Chathair na Gaillimhe ina mbeifear ag plé ceisteanna maidir le páistí a chothú sa ré nua-aoiseach. Beidh an comhdháil ar bun ar an Satharn, 28 Samhain in Óstán Salthill na Gaillimhe. Chruthaigh leabhar Sue Palmer, ar a raibh éileamh mhór uirthi: *Toxic Childhood: how modern life is damaging our children… and what we can do about it,* díospóireacht náisiúnta maidir le nádúr an luath-óige sa lá atá inniu ann. Is mar thoradh ar an díospóireacht seo a d'fhoilsigh sí an leabhar 'self-help' do thuismitheoirí: *Detoxing Childhood*. Díreoidh an cur i láthair a bheas ag Sue Palmer ag an gComhdháil: *Raising bright, balanced children in the modern world* isteach ar an tábhacht a bhaineann le spraoi, codladh, cúram leanaí agus conas leas a bhaint as an teilifís, ríomhairí agus gutháin póca.

Déanfaidh an Dr. John Sharry, Stiúrthóir *Parents Plus*, colúnaí *Irish Times* agus údar an leabhair *Positive Parenting* cur i láthair faoi conas iompar páistí óga a bhainistiú ar bhealach dearfach . Tá an Dr. Sharry ina Stiúrthóir ar an gcarthanacht Parents Plus agus tá raon leathan leabhair do thuismitheoirí agus do theaghlaigh scríofa aige: *Positive Parenting agus Parenting preschoolers and young children* ina measc*. Díreoidh an* Dr. isteach ar riachtanais agus dea-iompar an pháiste ag an gcomhdháil.

Is é Seamus Morrissey, Comhordaitheoir an chláir *Incredible Years* i nGaillimh a bheas ag tabhairt léargas ar an mbealach atá an clár *Incredible Years* ag dul i bhfeidhm i seirbhísí réamhscoile i nGaillimh faoi láthair. Déantar iarracht tríd an gclár *Incredible Years* eispéirithe oideachais, deiseanna foghlamtha, scileanna mothúchánach agus sóisialta páistí a fheabhsú.

Beidh seoladh póstaeir "Quality Childminders" ag Sylda Langford, Uasal, Ard-Stiúrthóir Oifig Aire na Leanaí agus Gnóthaí Óige ar maidin. Tagraíonn an póstaer, atá dírithe ar thuismitheoirí / cúramóirí do na gnéithe a bhaineann le seirbhís feighlí linbh de chaighdeán ard a roghnú.

"Tá aoi chainteoirí den scoth ag labhairt ag an gComhdháil arís i mbliana", a dúirt Rosario Ní Shúilleabháin, Oifigeach Eolais Choiste Cúram Leanaí Chontae & Chathair na Gaillimhe. "Is proifisiúnaigh le cáil idirnáisiúnta iad Sue Palmer, Dr. Sharry and Séamus Morrissey a bhfuil taithí na mblianta acu agus tugann an comhdháil seo deis breá do thuismitheoirí agus do sholáthróirí cúram leanaí araon tairbhe a bhaint as an saineolas seo."

Tá fáilte roimh thuismitheoirí, soláthróirí cúram leanaí nó aon duine a bhfuil spéis acu i bhforbairt luath-óige clárú don chomhdháil ar chostas €10 (lón san áireamh). Glaoigh ar 091 752039 nó seol ríomhphost chuig mail@galwaychildcare.com chun bróisiúr agus foirm chláraithe a iarraidh.

Críoch

**Breis eolais ó**:
Rosario Ní Shúilleabháin
Oifigeach Eolais
Coiste Cúram Leanaí Chontae & Chathair na Gaillimhe
9B Ionad Miondíola Liosbán
Bóthar Thuama
Gaillimh
Teil: 091-752039
Facs: 091-735701
Rphost: rosario@galwaychildcare.com
Láithreán Gréasáin: www.galwaychildcare.com